Cóilín Ó Cearbhaill

Baile Átha Cliath

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl siad iomarcach tá siad riachtanach. Is fiú an acht a leasú go bhfuil dualgas ar comhlachtaí poiblí a dhóthain daoine a bheith fostaithe acu go bhfuil siad in ann an séirbhís riachtanach seo a chur ar fáil. O taobh scríbhinn de ní chóir go mbeidh aon difir idir an text Ghailge agus Béarla o thaobh tomhas, italics, cás uachtar / íóchtar nó font de. Ba chóir go mbeidh na scríbhinn dátheangach leis an text sa dhá theanga taobh le taobh.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ní chor liosta na doiciméid a laghdú agus ba chóir go mbeidh gach doiciméid a mbíonn in usáid ag an bpobal curtha leis. Ba chóir go mbeidh doiciméid nach mbíonn in usáid ag an mórphobal ar fáil go leitreonach, (pdfs) amháin. Ba chóir go mbeidh gach fhoirm dhá theangach leis an ghaeilge agus an Béarla taobh le taobh. Ní chóir go mbeidh foirm bearla amháin agus foirm Gaeilge amháin. Ba chóir go mbeidh preasráitéisí ó chohltachtaí poiblí dhátheangach. Ba chóir go mbeidh na meán sóisilata ar nós

facebook agus twitter curtha leis an liosta. ie. go mbeidh ráiteasaí dhá theangach ag teacht amach nó go mbeidh chinn gaeilge agus chinn béarla ag teacht ón aon leathnach amháin. Ní leor twitter account bearla agus twitter account eile gaeilge.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Cloí le na rialacha mar atá ar chomharthaí, stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil. Ach ba chóir leasú a dhéanamh le go dtiocfaidh lógó agus suantais comhlachtaí faoi Acht freisin. Faoi na Rialacháin (I.R. Uimh. 391 de 2008), tá díolúine tugtha i gcás lógó agus níl aon dualgas ar chomhlachtaí poiblí aon lógó a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge ná vice versa. Is é an lógó an bealach atá an an comhlacht a chuid íomha a chur in iúil don phobal, má tá sé i mbéarla amháin nó má tá an béarla in ardréim tugann sé le fios don phobal nach bhfuil an Ghaeilge ar chomhleibhéal sa chomhlacht. Ba chóir go mbeidh an suntasach chéanna teanga ann i lógóanna.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Níl siad sásúil ba chor leasú.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Ba chóir go mbeidh comóntach áirithe idir scéimeanna ag bunléibhéal mar shampla íochtaí ar líne. Faoi láthair táim in ann mo motorcáin a íoc ar líne as gaeilge ach nílim in ann mo ceadúnas teilifíse a íoc as gaeilge. Toisc an méid scéimeanna difrúla tá sé deacair ar an bpobal fhios a bheith acu cén séirbhís atá ar fáil ag gach comhlacht. Ba chóir go mbeidh ar comhlachtaí a phoibliú cén seirbhísí gaeilge atá acu agus á chur in iúil don phobal agus dá fhoireann uilig go bhfuil an leithead de séirbhís acu.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Ba chóir go mbeidh an ghaeilge mar theanga oibre de gach comhlachtaí poiblí sa ghaeltacht.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir gach píosa reachtaíocht nó billí san Oireachtas a ullmhú go dhátheangach ón dtús ionas go féidir le teachtaí dála leasú a dhéanamh nó moltaí a chur ar fáil ina a rogha teanga. Más Gaeilge atá in úsáid ag páirtí nó ag finné sa chúirt ba choir an breitheamh agus an giúiré a bheith in ann Gaeilge a thuiscint agus an cás a éisteacht inti gan chabhair ó ateangaire chun cothromaíocht an trial a chintiú.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba chóir go dtiocfaidh gach comhlacht nua faoi acht go uathoibreach. ie gan fanacht ar mholadh an Aire. Mar i gceannaí le aon chumasc idir comhlachtaí. Ba chóir go dtiocfaidh aon comhlacht gur leis an stáit faoi acht, bancanna ach go háirithe. Ba chóir go dtiocfaidh aon comhlacht a bhfuil ag braith ar céadúnas ón stáit le feidhmiú teacht faoin áit.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Tá sé riachtanach go mbeidh oifig an coimisinéir teanga choinnithe mar oifig neamspléach. Ba chóir ról a bheith ag an oifig i monatóireacht a dhéanamh ar an phleann 20 bliain don ghaeilge.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Má chuireann comhlacht stáit job da chuid amach ar chonradh go dtí comhlacht príomáideach ba chóir go léanfaidh na dualgaisí chéanaí ar an comhlacht príomháideach is a tá ar an comhlacht poiblí. Ba chóir go mbeidh fógraíocht comhlachtaí stáit dhátheangach nó 50% as gaeilge 50% as béarla. Ba chóir go mbeidh lipidiú earraí in Éireann i nGaeilge.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Bíonn éileamh agam ar gach séirbhisí ón stáit i nGaeilge. Is iad na chinn is minicí a bhainfear usáid as ba chóir tosaíocht a thabhairt dóibh.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Easpa Gaeilge ag an foireann. Easpa brú ar na comhlachtaí an séirbhís a chur ar fáil. Easpa pionós do chomhlachtaí a sharaíonn an Acht.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Oifig an coimisinéir teanga a choineal mar oifig neamhspléach. Doiciméidí corporáideach ar fáil go leictreonach amháin. Daoine le curamaí gaeilge fostaithe ins an comhlachtaí ionas nach gá chostas breise a chur ar an stáit tríd aistriúcháin 7rl a chur amach go dtí comhlachtaí príomháideacha.